Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Bealtaine 2016**
**(OR. en)**

**9452/16**

**FISC 85**
**ECOFIN 502**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Bealtaine 2016 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8792/1/16 REV 1 |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Sheachtrach i dtaca le Cánachas Éifeachtach agus Moladh ón gCoimisiún maidir le bearta i gcoinne mí-úsáid conarthaí cánach a chur chun feidhme<br>• Conclúidí ón gComhairle (25 Bealtaine 2016) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal san iarscríbhinn na conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Sheachtrach i dtaca le Cánachas Éifeachtach agus Moladh ón gCoimisiún maidir le bearta i gcoinne mí-úsáid conarthaí cánach a chur chun feidhme, a ghlac an Chomhairle ag an 3468ú cruinniú a bhí aici ar an 25 Bealtaine 2016.

**Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Sheachtrach i dtaca le Cánachas Éifeachtach agus Moladh ón gCoimisiún maidir le bearta i gcoinne mí-úsáid conarthaí cánach a chur chun feidhme**

**Conclúidí ón gComhairle**

Fógraíonn an Chomhairle an méid seo a leanas:

1. DEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go leanfaí den ghníomhaíocht i gcoinne calaois chánach, imghabháil chánach agus pleanáil ionsaitheach chánach ar leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar fud na cruinne, agus go dtreiseofaí an ghníomhaíocht sin, mar a d'iarr an Chomhairle Eorpach i mí na Bealtaine 2013 agus a mheabhraigh na hAirí ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil ECOFIN ar an 22 Aibreán 2016;

2. MEABHRAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go nglacfaí céimeanna éifeachtacha chun an chalaois chánach, an imghabháil chánach agus seachaint chánach chomh maith le sciúradh airgid a chomhrac, go háirithe tráth a mbíonn srianta buiséadacha ann;

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI, dá bhrí sin, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Sheachtrach i dtaca le Cánachas Éifeachtach agus TUGANN SÍ DÁ hAIRE an Moladh ón gCoimisiún maidir le bearta i gcoinne mí-úsáid conarthaí cánach a chur chun feidhme;

4. MEABHRAÍONN SÍ an tacaíocht a d'eascair ón idirphlé le linn cruinniú neamhfhoirmiúil d'airí ECOFIN in Amstardam maidir le liosta de chuid an Aontais a bhunú de dhlínsí nach bhfuil ag comhoibriú agus de bhearta cosanta comhordaithe, rudaí a shaineoidh an Chomhairle;

**I ndáil leis an Teachtaireacht maidir le Straitéis Sheachtrach**, déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

5. MOLANN SÍ go gcuirfí chun feidhme go mear agus go cuimsitheach na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise a d'fhorbair ECFE agus SPREAGANN SÍ gach dlínse gealltanas a thabhairt go gcuirfidh siad na caighdeáin idirnáisúnta chun feidhme a thúisce is féidir agus GRÍOSANN SÍ dlínsí nach rannpháirtithe fós iad de chreat cuimsitheach ECFE páirt a ghlacadh ann gan mhoill;

6. AONTAÍONN SÍ go mbunóidh an Chomhairle liosta de chuid an Aontais de thríú tíortha agus dlínsí nach bhfuil ag comhoibriú agus go bhfiosróidh sí bearta cosanta comhordaithe ar leibhéal an Aontais gan dochar d'inniúlacht na mBallstát;

7. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le dlúthchomhar comhthreomhar le ECFE chun na critéir idirnáisiúnta sa réimse seo a leagan amach agus chun obair an Fhóraim Dhomhanda a chur san áireamh nuair a bheidh liosta an Aontais de dhlínse nach bhfuil ag comhoibriú á chur i dtoll a chéile;

8. CINNEANN SÍ i ndáil leis na critéir maidir le trédhearcacht chun liosta de dhlínsí nach bhfuil ag comhoibriú a bhunú, gur gá go gcomhlíonfaidh siad na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le trédhearcacht agus malartú faiséise chun críocha cánach, go háirithe na caighdeáin a d'fhorbair ECFE, ó thaobh faisnéis a mhalartú nuair a iarrtar sin agus an malartú uathoibríoch faisnéise (Comhchaighdeán Tuairiscithe) araon;

9. IARRANN SÍ ar an Meitheal um an gCód Iompair critéar breise a bhreithniú maidir le dlínsí nach bhfuil ag comhoibriú a liostáil nuair nach ann do réimis dhíobhálacha cánach de réir mar a shainítear sin leis na critéir sa Chód Iompair maidir le Cánachas Gnó, agus critéir eile a d'fhéadfadh a bheith ann, lena bhféadfaí gníomhaíochta BEPS ECFE go háirithe a spreagadh;

10. IARRANN SÍ ar an Meitheal um an gCód Iompair tús a chur faoi mhí Mheán Fómhair 2016 leis an obair maidir le liosta de chuid an Aontais de dhlínsí nach bhfuil ag comhoibriú, chun cinneadh a dhéanamh, ar bhonn chéadscagthástáil ag an gCoimisiún, maidir leis na tríú tíortha lenar cheart idirphlé a thionscnamh, d'fhonn liosta de chuid an Aontais de dhlínsí nach bhfuil ag comhoibriú agus a bhunú agus bearta cosantacha a fhiosrú ar leibhéal an Aontais chun go bhformhuineoidh an Chomhairle iad in 2017. D'fhéadfaí na bearta cosanta sin a chur chun feidhme í réimse na cánach agus sa réimse neamhchánach freisin;

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI an tionscnamh píolótach don mhalartú uathoibríoch faisnéise ar uinéirí mórthairbhiúla a d'fhormhuinigh na Ballstáit uile leis an gcuspóir go bhforbrófar caighdeán comhchoiteann leis;

12. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún tionscnaimh reachtacha maidir le Rialacha um Nochtadh Éigeantach a spreag Gníomhaíocht 12 den tionscamh BEPS ECFE d’fhonn idirghabhálaithe a chabhraíonn le himghabháil chánach nó le scéimeanna eile seachanta cánach a dhíspeagadh níos éifeachtaí;

13. TACAÍONN SÍ leis an ngá atá ann prionsabal an dea-rialachais i gcúrsaí cánach a nuashonrú chun iad a úsáid mar fhoráil nua chaighdeánach i gcaibidlíocht a bheidh ann amach anseo le tríú tíortha agus IARRANN SÍ ar an Meitheal um an gCód Iompair na príomhghnéithe a scrúdú ar cheart a chur i gclásal a chuirfear isteach i gcomhaontuithe idir an tAontas Eorpach agus na tíortha sin;

14. AONTAÍONN SÍ go bhfuil an dea-rialachas cánach tábhachtach do thíortha i mbéal forbartha chun saothrú a n-ioncaim intíre a mhéadú agus CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a thabhairt dóibh dea-rialachas cánach a chleachtadh;

15. CUIREANN SÍ BÉIM ar a thábhachtaí atá Tionscnamh Cánach Addis (ATI), lena ghealltanas lárnach tacaíocht don chomhar teicniúil maidir le cánachas agus maidir le saothrú achmhainní intíre a dhúbailt nó a mhéadú go suntasach, rud a chuir dhá Bhallstát déag a síniú leis cheana, agus IARRANN sí ar na Ballstáit uile eile a bheith rannpháirteach in ATI;

16. TÁ SÍ RÉIDH chun scrúdú a dhéanamh ar an togra maidir le caighdeáin nuashonraithe an Aontais i ndáil le dea-rialachas cánach a chur san áireamh i Rialachán Airgeadais an Aontais i ndáil le tríú tíortha a thúisce a chuirfidh an Coimisiún togra nua faoina bráid;

**I dtaca leis an Moladh maidir le bearta i gcoinne mí-úsáid conarthaí cánach a chur chun feidhme,** déanann an Chomhairle an méid seo a leanas:

17. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an moladh ón gCoimisiún a áirithiú go mbeidh cur chun feidhme na moltaí BEPS ECFE maidir le Gníomhaíochtaí 6 agus 8 i gcomhréir le dlí an Aontais;

18. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé gníomhaíocht choincréiteach chomhleanúnach a dhéanamh i gcoinne an neamhchánachais dhúbailte tríd an imghabháil nó an seachaint chánach trí choinbhinsiúin um chánachas dúbailte a oibriú, i gcomhréir le hinniúlacht na mBallstát maidir le coinbhinsiúin um chánachas dúbailte a chaibidliú ar bhonn déthaobhach agus i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta;

19. IS DÍOL SÁSAIMH DI na forálacha atá molta maidir le tástáil phríomhchríche agus buanbhunaíochtaí a chuirfear san áireamh i gconarthaí cánach déthaobhacha a chomhaontóidh Ballstát, agus Í AG AITHINT gur inniúlacht de chuid na mBallstát i gcónaí iad conarthaí cánach déthaobhach agus go bhféadfadh bearta eile a thagann chun cinn i gcomhthéacs Ghníomhaíocht 6 BEPS EFCE, amhail teorann le clásail sochair (lob), a bheith cabhrach.